C/2025/5748

24.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12160 — LA CAISSE / MACQUARIE / RHP PARTNERS — MANAGER GP / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5748)

1. An 10 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Caisse de dépôt et placement du Québec ('La Caisse'), Ceanada,

— Macquarie Real Estate Investments Holdings (Meiriceá Thuaidh), Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú Macquarie Group Limited, ('Macquarie', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— RHP Partners-Manager GP, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú RHP Partners-Manager, LLC ('RHP', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— RHP Partners VI, LP (an 'Comhfhiontar', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh La Caisse, Macquarie agus RHP rialú comhpháirteach ar an gComhfhiontar de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin cearta conarthacha i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— La Caisse: Is infheisteoir institiúideach fadtéarmach é La Caisse a bhainistíonn cistí a thaisceoirí, cistí arb iad a bhformhór pleananna pinsin poiblí agus paraphoiblí agus pleananna árachais ó Québec, Ceanada,

— Macquarie: Tá Macquarie gníomhach in infheistíocht eastáit réadaigh i Meiriceá Thuaidh,

— RHP: Is le RHP pobail tithe réamhdhéanta sna Stáit Aontaithe agus/nó tá pobail den sórt sin á n-oibriú aige,

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar nuabhunaithe: úinéireacht agus oibriú pobal tithe réamhdhéanta, agus léasú agus díol tithe réamhdhéanta i bpobail den sórt sin sna Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12160 — LA CAISSE / MACQUARIE / RHP PARTNERS — MANAGER GP / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË